Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Turas Foghlama an Scoláire a Shaibhriú tríd an gCur Chuige Comhtháite

## Seisiún a Dó


CC BY NC

# Intinní Foghlama do Sheisiún a Dó

I rith an tseisiúin seo:

- Aimseofar deiseanna chun téacsanna éisteachta a úsáid chun cumas cumarsáide a fhorbairt, ag baint leas as an gCur Chuige Comhtháite.

# Cáipéis Shuntasach




> *Labhrann gach cúinne*
> *den leathinis seo liom*
> *ina teanga féinig,*
> *teanga a thuigim*
>
> Nuala Ní Dhomhnaill

Cén cháipéis oifigiúil é seo?

Cén radharc atá ann?

Cé atá ann?

# Ábhar Dualgais do Shonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí - T1



An Roinn Oideachais
Department of Education

**Circular Letter 0086/2024**

To the Principals and Boards of Management of Second-Level Schools and Special Schools, and to the Chief Executives of Education and Training Boards

**Prescribed material for Junior Cycle Irish**

**Specification for Junior Cycle Irish: Irish-medium schools (T1) (2023) and Specification for Junior Cycle Irish: English-medium schools (T2) (2023)**

**(For students presenting for Final Examination in 2027, 2028 and 2029)**

**Introduction**
The Department of Education wishes to inform the management authorities of second-level schools, and of special schools providing students with a Junior Cycle programme aligned with level 3 of the National Framework of Qualifications, of the updated prescribed material for the second and third year of the Specification for *Junior Cycle Irish: Irish-medium schools (T1) (2023)* and the Specification for *Junior Cycle Irish: English-medium schools (T2) (2023)*.

This update arises from a review of the list of texts, undertaken by the National Council for Curriculum and Assessment (NCCA), as announced in 2023. These prescribed materials apply to the cohort of students who will undergo final examination in 2027, 2028 and 2029.

This circular sets out the prescribed materials for:

- The Specification for *Junior Cycle Irish: Irish-medium schools (T1) (2023)* which is aimed at native speakers and learners of Irish who study subjects, other than English, through the medium of Irish.

**And**

- The Specification for *Junior Cycle Irish: English-medium schools (T2) (2023)* which is aimed at students who use Irish as a second language and are mainly in schools which operate through the medium of English.


Those reading this Circular should note that the prescribed texts listed in circular 0015/2023 are superseded by this Circular.

## Samplaí ón Liosta d'Ábhar Dualgais

- Amhrán an Chuigéil
- **Beauty Deas an Oileáin**
- **Port na bPúcaí**
- An Saol Rúnda
- Filleadh ar an gCathair
- Labhairamach.com

# Scileanna Éisteachta agus Cumas Cumarsáide

## Tábhacht scil na héisteachta le linn cumarsáide




I do rang féin, an leagann tú an bhéim chéanna ar fhorbairt na scileanna éisteachta?

(Próiseas na Cumarsáide Idirphearsanta, 2001)

# Céimeanna Éisteachta

Oide

Céim 1: Tuar a dhéanamh

Céim 2: Éisteacht le haghaidh brí

Céim 3: Éisteacht le haghaidh eolas barrthábhachtach

Céim 4: Éisteacht le haghaidh eolas mionsonraithe

(Curtha in oiriúint ó Ollscoil Cambridge, 2024)

# An Cur Chuige Comhtháite i nGníomh


Oide

- Béim ar chumas cumarsáide
- Comhtháthú idir na scileanna teanga
- Féinfheasacht an fhoghlaimeora
- Feasacht teanga agus chultúrtha

# Céim 1 – Tuar a dhéanamh

## Tuar ar ábhar an amhráin

I ngrúpaí bíonn plé ag scoláirí ar na leideanna seo. Éisteann siad lena cheile.





T.F. 1.19: páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá

# Céim 2 – Éisteacht le haghaidh Brí

## An tuiscint ghinearálta a fháil




**T.F. 1.2: éisteacht chun brí nó sonraí faoi leith agus argóintí comhleanúnacha a thuiscint**

# Tacaíocht do na foghlaimeoirí go léir

Conas a chabhraíonn straitéis ar nós 'scamall focal' tuiscint ghinearálta a fháil ar bhlúire éisteachta?

# Céim 3 – Éisteacht le haghaidh Eolas Barrthábhachtach

## Eolas tábhachtach a bhailiú




**T.F. 1.6: píosaí éisteachta a roghnú go criticiúil agus iad a roinnt ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha**

# Céim 3 – Éisteacht le haghaidh Eolas Barrthábhachtach

## Smaoinigh, Péireáil, Roinn



1. Éist leis an bpíosa.



2. Smaoinigh ar an eolas is tábhachtaí sa phíosa seo.



3. Breac nóta de (cúig phointe)





4. Roghnaigh na pointí is tábhachtaí idir beirt (cúig phointe)



5. Roinn na pointí is tábhachtaí leis an seomra

# Céim 4 – Éisteacht le haghaidh Eolas Mionsonraithe



Éisteacht le hAghaidh Eolas Mionsonraithe

Clár Rogha

| | | |
|---|---|---|
| Éist le véarsa amháin agus scríobh síos 5 fhocal a chloiseann tú. | Tar éis duit an t-amhrán a chloisteáil, scríobh 3–4 abairt ag míniú céard atá ag tarlú. | Deán taifead ort féin ag léamh dhá véarsa den amhrán. |
| Éist leis an amhrán agus scríobh 5 ráiteas — 3 fhíor, 2 bhréagach. | Scríobh 5 cheist bunaithe ar an méid a chuala tú sa véarsa is fearr leat. | Roghnaigh líne amháin agus mínigh cad is brí leis. |
| Scríobh cad a mhothaigh tú agus tú ag éisteacht leis an amhrán. | Déan rólghlacadh le duine ón Oileán — mínigh conas a mhothaigh tú tar éis an bhua. | Éist leis an amhrán agus tarraing íomhá a léiríonn ceann de na radhairc san amhrán. |

Oide.ie

T.F. 1.4: teanga labhartha chruinn, shaibhir, chanúnach a thuiscint

# An Fhoghlaim Chéimneach

## Lucht éisteachta a chruthú do na scoláirí



**Treoir:**

- I mbeirteanna, scríobh script don fhíseán seo.
- Déan taifead air.
- Lig do ghrúpa sa rang eile éisteacht leis.

# An Fhoghlaim Chéimneach

'nótaí ar nós taibhsí
ó shaol nach ann dó níos mó
oileán tréigthe
is na míolta móra
ag ceiliúradh
amhrán náisiúnta an Bhlascaoid
Port na bPúcaí.'







'Port na bPúcaí' le Dairena Ní Chinnéide in *Poll na mBabies*

# An Litríocht agus an Éisteacht

Agallamh idir scoláirí ó

Phobalscoil Chorca Dhuibhne

Agus Sláine Ní Chathalláin

maidir le tábhacht na litríochta

agus scileanna éisteachta






| Roinn B | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 225 marc |
|---|---|---|

**Ceist 4** (65 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

**Seanchas Chorca Dhuibhne agus go leor eile ar fáil i leabhar nua**

**1.** Bailiúchán seanchais, stair áitiúil, scéalta seoighe agus nathanna cainte atá sa leabhar *Nain*, a bhailigh Sláine Ní Chathalláin óna seanmháthair, Máirín Uí Chathalláin. Is craoltóir le RTÉ Raidió na Gaeltachta agus amhránaí aitheanta ar an sean-nós í Sláine. Is leabhar taitneamhach é *Nain* do gach duine, idir óg agus aosta, dar le Sláine Ní Chathalláin. "Cé gur seanbhean í Nain anois, ní leabhar do sheandaoine amháin é."

**2.** "Tá seanchas, scéalta móra agus scéalta beaga sa leabhar *Nain*, a bhíodh Nain féin ag aithris dom nuair a bhí mé i mo ghasúr. Tá scéalta ann a bhaineann leis an lá inniu. Tá scéalta spéisiúla ann faoin bhfarraige agus faoin saol fadó," a dúirt Sláine. Tá 22 caibidil ar fad sa leabhar agus faightear léargas ann ar shaol Nain. Tugtar mioneolas sa leabhar faoin Arda Mór, an baile fearainn inar tógadh í. "Tá mapa an-speisialta den Arda Mór sa leabhar, an baile fearainn gurb as do Nain. Chomh maith leis sin, tá ainmneacha na ngort agus ainmneacha bóithríní beaga ann, ainmneacha nach mbeadh ar eolas go forleathan ag na daoine sa lá atá inniu ann," dar le Sláine.

**3.** Dúirt Sláine Ní Chathalláin gur bhraith sí go raibh dualgas uirthi cuid de nathanna agus seanchais a mamó a chaomhnú. "Gach aon lá bím ag foghlaim focail nua nó nathanna cainte nua ó Nain. Bhraith mé go raibh dualgas orm iad sin a chaomhnú nó bheadh dearmad déanta agam orthu mura mbeidís scríofa síos agam. Thosaigh mé ag taifeadadh físeán di freisin agus á gcur ar na meáin shóisialta. Bhí an-éileamh orthu agus mar sin mhothaigh mé dualgas de shaghas iad a bhailiú le chéile i gcnuasach éigin chun go mbeidís ann go deo," a dúirt sí. De réir mar a bhí na físeáin á gcur amach bhí níos mó agus níos mó daoine ag cur suime sna tuairimí a bhí ag Nain faoi rudaí a bhí ag titim amach sa saol.

**4.** "Is minic a cuireadh an cheist, cad a déarfadh Nain faoi seo? Ba as sin a d'eascair an smaoineamh don leabhar." Cé go bhfuil go leor cainte faoin leabhar agus faoi Nain féin, deir Sláine nach bhfuil aon suntas á thabhairt ag a máthair chríonna dó sin. "Tá an-suim á chur sa leabhar agus go leor cainte faoi. Tháinig na nuachtáin áitiúla chun cainte léi. Ní thuigeann sí in aon chor an fáth a bhfuil an oiread suime á chur sa mhéid atá le rá aici sna físeáin ar na meáin shóisialta ach bíonn a lán daoine ag caint faoi na físeáin sin. Bhí scéalta seoighe ag gach duine fadó ach tá na daoine sin ar fad caillte anois agus na scéalta caillte leo."

**(a)** Cuir in iúl cé acu **fíor** nó **bréagach** atá na habairtí seo a leanas. (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Tá seanchas agus scéalta iontacha ar fáil i leabhar *Nain*. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Is amhráin agus scéalta ó Raidió na Gaeltachta atá i leabhar *Nain*. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Tá an leabhar *Nain* taitneamhach do dhaoine óga agus aosta. | ☐ | ☐ |

# Ceist Mhachnaimh

Cad iad na féidearthachtaí éisteachta eile a bhaineann leis an litríocht?

# Éisteacht ar Mhaithe le Taitneamh



Cad iad na deiseanna atá ag do scoláirí éisteacht le Gaeilge ar mhaithe le taitneamh a bhaint aisti?

*‘Spreagtar an scoláire chun tuiscint agus meas a bheith aige ar litríocht na Gaeilge ar mhaithe le taitneamh agus tairbhe a bhaint as an litríocht.’*

(*Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1*, 2023, lch 7)

# Éisteacht ar Mhaithe le Taitneamh




*"Éist le fuaim na habhann agus gheobhaidh tú breac."*

Seanfhocal

# Cleachtas Comhoibríoch

| Cleachtas Comhoibríoch – Cuid 1 | | |
|---|---|---|
| Saothar Litríochta | Stáisiúin | Acmhainní |
| | | |

| |
|---|
| Toradh Foghlama |
| Toradh Foghlama |



Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

| Cleachtas Comhoibríoch – Cuid 2 | | |
|---|---|---|
| Scileanna agus Straitéisí Éisteachta | Scileanna agus Straiteisí Éisteachta | Scileanna agus Straitéisí Éisteachta |
| | | |

| |
|---|
| Toradh Foghlama |
| Toradh Foghlama |
| An t-ionchuimsiú san áireamh: |


# Féinmheastóireacht an Scoláire i leith na Scileanna Éisteachta



An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí**

Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1)



33

Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1)

Aguisín B: Na Leibhéil Chomhchoiteanna Tagartha – an eangach féinmheasúnaithe

## Aguisín B:
## Na Leibhéil Chomhchoiteanna Tagartha – an eangach féinmheasúnaithe

Tuiscint

**Éisteacht**

**A1** Is féidir liom focail choitianta agus frásaí an-bhunúsach mar gheall orm féin, ar mo theaghlach agus ar mo gharthimpeallacht nithiúil a aithint nuair a labhraíonn daoine go mall agus go soiléir.

**A2** Is féidir liom frásaí agus an stór focal is airde minicíocht a bhaineann le réimsí lena ngabhann an ábharthacht phearsanta is láithrí a thuiscint (m.sh. faisnéis an-bhunúsach phearsanta agus teaghlaigh, siopadóireacht, an ceantar áitiúil, fostaíocht). Is féidir liom an príomhphointe a thuiscint i dteachtaireachtaí agus i bhfógraí atá gearr, soiléir agus simplí.

**B1** Is féidir liom na príomhphointí a thuiscint i ngnáthchaint shoiléir agus chaighdeánach ar chúrsaí coitianta a bpléitear go rialta leo san áit oibre, ar scoil, le linn caitheamh aimsire, srl. Is féidir liom an príomhphointe a thuiscint i mórán clár raidió agus teilifíse ar chúrsaí reatha nó ar thopaicí a bhfuil spéis phearsanta nó ghairmiúil agam iontu nuair a dhéantar na pointí go measartha mall agus go soiléir.

**B2** Is féidir liom caint fhada agus léachtaí fada a thuiscint agus línte argóinte casta a leanúint fad atá cur amach réasúnta agam ar an topaic. Is féidir liom formhór na gclár nuachta agus cúrsaí reatha ar an teilifís a thuiscint. Is féidir liom formhór na scannán sa chanúint chaighdeánach a thuiscint.

**C1** Is féidir liom caint fhada a thuiscint fiú amháin i gcás nach bhfuil struchtúr soiléir uirthi agus i gcás gur intuigthe atá an caidreamh, agus ní curtha in iúl go follasach. Is féidir liom cláir theilifíse agus scannáin a thuiscint gan mórán dua.

**C2** Níl aon deacracht agam aon chineál teanga labhartha a thuiscint, bíodh sí beo nó craolta, fiú amháin i gcás go labhraítear ag luas tapa an chainteora dhúchais, fad atá roinnt ama agam chun dul i dtaithí ar an mblas.

# Intinní Foghlama do Sheisiún a Dó

## Súil Siar

Ba chóir go mbraithfeadh sibh níos muiníní i dtaca le

- Deiseanna a aimsiú chun téacsanna a úsáid chun cumas cumarsáide a fhorbairt, ag baint leas as an gCur Chuige Comhtháite agus as an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim.